Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2015**

**15070/15**

**SOC 710**
**EMPL 463**
**ECOFIN 958**
**POLGEN 175**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Ar an: | 7 Nollaig 2015 |
| Chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14129/15 SOC 668 EMPL 438 ECOFIN 853 POLGEN 166 |
| Ábhar: | Rialachas sóisialta le haghaidh Eoraip chuimsitheach<br>- Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialachas sóisialta le haghaidh Eoraip chuimsitheach, a ghlac an Chomhairle (EPSCO) ag an 3434ú cruinniú dá cuid an 7 Nollaig 2015.

**RIALACHAS SÓISIALTA LE hAGHAIDH EORAIP CHUIMSITHEACH**

**Conclúidí ón gComhairle**

**INA LEAGTAR BÉIM AR AN MÉID A LEANAS**

1. Neartaíodh go suntasach, leis an Seimeastar Eorpach, an comhordú a dhéantar ar an mbeartas eacnamaíoch agus cruthaíodh gur luachmhar an ionstraim é ó thaobh ról a thabhairt do na Ballstáit i gcomhordú na bpríomh-athchóirithe struchtúracha d'fhonn na cuspóirí a comhaontaíodh go comhpháirteach a bhaint amach.

2. Caithfidh an Seimeastar Eorpach oibriú ar bhealach cothrom chun go ndéanfar dul chun cinn i dtreo fás inbhuanaithe, cuimsitheach, agus aird á tabhairt ar chuspóirí comhroinnte sóisialta agus fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

3. Caithfear measúnú a dhéanamh ar an tionchar fostaíochta agus sóisialta a ghabhann leis na príomh-athchóirithe struchtúracha trasna na réimsí ábhartha beartais uile chun go gcuirfear Straitéis Eoraip 2020 chun feidhme go rathúil laistigh den Seimeastar Eorpach.

**INA LÉIRÍTEAR SÁSAMH MAIDIR LEIS AN MÉID A LEANAS**

4. Gur cuid lárnach den Seimeastar Eorpach í an obair leanúnach atá á déanamh ag EMCO agus ag SPC maidir le faireachán ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta, agus an méid a chuireann EMCO agus SPC le comhordú na mbeartas fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs Straitéis Fostaíochta na hEorpa agus Mhodh Oscailte an Chomhordaithe.

5. Go gceadaítear, leis na tuarascálacha a ullmhaítear do na cruinnithe ábhartha a bhíonn ag an gComhairle, faisnéis rialta, struchtúrtha a thabhairt agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le torthaí sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach agus ar an obair leantach a dhéantar maidir le hathchóirithe cosanta sóisialta agus fostaíochta

**INA gCUIRTEAR AN MÉID A LEANAS SAN ÁIREAMH**

6. Cuirtear feabhas ar rialachas na mbeartas sóisialta agus fostaíochta ar bhonn leanúnach trí chomhthuiscint ar thángthas uirthi maidir le dúshláin chomhroinnte, trí dhianfhaireachán ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na Moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus trí anailís iltaobhach ar thosaíochtaí téamacha.

7. Le rialachas sóisialta níos fearr agus le comhordú níos fearr ar na beartais eacnamaíocha, buiséadacha, fostaíochta agus sóisialta, chabhrófaí go mór le cur chun cinn na gcuspóirí maidir le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus cosaint shóisialta leordhóthanach a ráthú, mar a leagtar síos in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

8. Sa Tuarascáil ón gCúigear Uachtarán a foilsíodh i mí an Mheithimh 2015, tagraítear don ghá atá ann béim níos láidre a leagan ar an bhfostaíocht agus ar fheidhmíocht shóisialta, lena n-áirítear trí Thuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta agus Sóisialta, a thiocfadh faoin sainmhíniú ar thosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil Fáis.

**INA gCUIRTEAR AN MÉID A LEANAS I dTREIS**

9. Ba cheart, le Seimeastar Eorpach athchóirithe, leanúint de bheith á áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe riachtanacha struchtúracha chun feidhme chun dul i ngleic leis na dúshláin shóisialta agus fostaíochta agus leanúint i gcónaí d'fheabhas a chur ar na torthaí sóisialta agus fostaíochta, agus na spriocanna a leagtar amach i Straitéis Eoraip 2020 á gcur san áireamh ag féachaint don mhéadú atá ag teacht ar an bhfostaíocht agus don chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiata shóisialta.

10. Ba cheart idirphlé éifeachtach a bhunú idir an Coimisiún agus an Chomhairle i gcéim ullmhúcháin an tSuirbhé Bhliantúil Fáis, bunaithe ar na hionstraimí anailíseacha atá ann cheana (scórchlár na bpríomhthascáirí fostaíochta agus sóisialta, an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta, an Fhaireachlann um Fheidhmíocht Fostaíochta, agus Creat an Mheasúnaithe Chomhpháirtigh), chun go bhféadfaí na tosaíochtaí do ghníomhaíocht beartais sna réimsí fostaíochta agus sóisialta a shainaithint go comhpháirteach.

11. Ba cheart tuilleadh feabhais a chur ar an ngné shóisialta den Seimeastar Eorpach faoi cheannaireacht Chomhairle EPSCO trí leas níos struchtúraí a bhaint as na hionstraimí comhchoiteanna atá ann cheana le faireachán a dhéanamh ó thaobh forbairtí sóisialta agus fostaíochta de, trí phlé rialta a dhéanamh ar threochtaí sóisialta agus fostaíochta agus trí eolas a roinnt faoin dul chun cinn i dtreo cuspóirí coiteanna sóisialta agus fostaíochta an Aontais.

12. Tá gá le rialachas sóisialta lena ndírítear ar fheabhas leanúnach a chur ar thorthaí sóisialta agus fostaíochta ó thaobh inbhuanaitheacht agus dhlisteanacht an Aontais de, lena n-áirítear Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a fheidhmíonn go maith, agus caithfear aird chuí a thabhairt air sin laistigh den chreat foriomlán rialachais. Ba cheart leas iomlán a bhaint as an rialachas sóisialta leis na príomhdhúshláin choiteanna agus na príomhthreochtaí coiteanna maidir le cúrsaí sóisialta agus fostaíochta a shainaithint agus chun dul i ngleic leo d'fhonn na cuspóirí coiteanna fostaíochta agus sóisialta a bhaint amach, spriocanna Eoraip 2020 san áireamh.

**MOLANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**DO NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

13. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na forbairtí sóisialta agus eacnamaíocha bunaithe ar na hionstraimí coiteanna comhaontaithe atá ann i gcomhthéacs Mhodh Oscailte an Chomhordaithe agus Straitéis Fostaíochta na hEorpa.

14. Na Treoirlínte Comhtháite a chur chun feidhme, go háirithe na gnéithe fostaíochta agus sóisialta a ghabhann leo.

15. Freagairt leordhóthanach a thabhairt ar na moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith ó thaobh an bheartais fostaíochta agus sóisialta de.

16. Leanúint le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta ar an leibhéal náisiúnta i gcéimeanna lárnacha phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus an rannpháirtíocht sin a neartú i gcás inarb iomchuí.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

17. A áirithiú, i gcomhar leis na Ballstáit, go gcuirfear na táscairí bailí ar fáil go tráthúil le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sóisialta agus fostaíochta.

18. Cur chuige príomhshruthaithe ó thaobh inscne a chur chun feidhme le linn an tSeimeastair Eorpaigh agus in ionstraimí agus i nósanna imeachta uile an tSeimeastair.

19. Féachaint ar na bealaí leordhóthanacha ina bhféadfar na torthaí sóisialta agus fostaíochta a chur chun feidhme i ngach gné ábhartha den Seimeastar Eorpach i bhfianaise Airteagal 9 CFAE, go háirithe i gcomhthéacs Straitéis Eoraip 2020, na dTreoirlínte Comhtháite, Mhodh sóisialta Oscailte an Chomhordaithe agus Straitéis Fostaíochta na hEorpa.

20. Tacú go gníomhach leis an obair a dhéanann an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta ina réimsí inniúlachta faoi seach, go háirithe maidir leis na gnéithe go léir a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach a thagann faoina réimse freagrachtaí.

21. Na príomhdhúshláin agus na príomhthreochtaí coitianta sóisialta agus fostaíochta ar cheart súil a choinneáil orthu a shainaithint go rialta i gcomhpháirt leis na Ballstáit, ar bhonn an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta, na Faireachlainne um Fheidhmíocht Fostaíochta agus scórchláir na bpríomhtháscáirí fostaíochta agus sóisialta, ar dúshláin agus treochtaí iad ar a mbunaítear tosaíochtaí an tSuirbhé Bhliantúil Fáis agus as a n-eascraíonn gníomhaíochtaí beartais lena gcomhlíontar cuspóirí comhchoiteanna sóisialta agus fostaíochta an Aontais.

22. Anailís a dhéanamh ar Scórchlár an tSásra Foláirimh faoin nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch agus ar scórchlár na bpríomhtháscáirí fostaíochta agus sóisialta agus a áirithiú go mbainfear leas as scórchlár na bpríomhtháscáirí fostaíochta agus sóisialta síos tríd nósanna imeachta an tSeimeastair Eorpaigh le faireachán a dhéanamh ar fhorbairt i margadh an tsaothair agus sa bheartas sóisialta.

23. A chinntiú go dtabharfaí urraim iomlán do ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus go rachfar i gcomhairle leis an tsochaí shóisialta i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta, ó thaobh feabhas a chur ar an rialachas eacnamaíoch, agus ag féachaint, ag an am céanna, le feabhas a chur ar úinéireacht na n-údarás náisiúnta agus na ngeallsealbhóirí ar bheartais agus ar athchóirithe. Ba cheart, sa chomhthéacs sin, breathnú ar an iomaíochas ina iomláine agus gan a bheith teoranta do chúrsaí pá.

24. Oibriú i gcomhar leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta le togra ón gCoimisiún a ullmhú chun forbairt a dhéanamh ar cholún Eorpach de chearta sóisialta i gcomhthéacs Straitéis Fostaíochta na hEorpa agus Mhodh sóisialta Oscailte an Chomhordaithe.

**IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA AGUS AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

25. A áirithiú go ndéanfar faireachán ar na forbairtí fostaíochta agus sóisialta, go háirithe ó thaobh an dul chun cinn a dhéantar i ndáil leis na spriocanna atá in Eoraip 2020 maidir leis an bhfostaíocht a chur chun cinn agus leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a laghdú.

26. Cabhrú leis na Treoirlínte Comhtháite a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar sóisialta agus fostaíochta atá ag na hathchóirithe struchtúrtha.

27. Anailís a chur ar fáil don Chomhairle gach bliain faoi na forbairtí sóisialta agus fostaíochta a dhéantar sna Ballstáit agus san Aontas, in éineacht le tograí faoi na tosaíochtaí don Suirbhé Bliantúil Fáis, ina measc na príomhdhúshláin agus na príomhthreochtaí ar cheart súil a choimeád orthu.

28. Leanúint d'anailís leordhóthanach a dhéanamh chun go ndéanfar plé rialta sa Chomhairle faoi na príomhdhúshláin agus na príomhthreochtaí ar cheart súil a choimeád orthu san Aontas, bunaithe ar an bhFaireachlann um Fheidhmíocht Fostaíochta, ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta, agus ar scórchlár na bpríomhtháscáirí fostaíochta agus sóisialta.

29. Príomhshruthú a dhéanamh ar an obair théamach maidir le faireachán a dhéanamh ar na forbairtí comhchoiteanna sóisialta agus fostaíochta bunaithe ar dhea-chleachtas a roinnt agus ar leas a bhaint as na hionstraimí atá ann cheana.

30. Leanúint le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta ar leibhéal an Aontais i gcéimeanna lárnacha phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus an rannpháirtíocht sin a neartú i gcás inarb iomchuí.

**<u>Tagairtí</u>**

## 1. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 (go háirithe an fhoráil go rachfar i gcomhairle leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, i gcás inarb iomchuí).

Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 (go háirithe an fhoráil, faoin nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, go dtabharfar aird, sa phlean gníomhaíochta ceartaitheach, ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn ag gníomhaíochtaí beartais agus go mbeidh an plean comhsheasmhach le treoirlínte ginearálta an bheartais eacnamaíoch agus leis na treoirlínte fostaíochta).

## 2. An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

Cinntí ón gComhairle (AE) 2015/772 agus Rialachán (AE) 2015/773 an 11 Bealtaine 2015 lena mbunaítear an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) (go háirithe an cúram a chuirtear ar an dá chomhlacht ullmhúcháin sin de chuid na Comhairle cabhrú le gach gné den Seimeastar Eorpach laistigh dá réimsí inniúlachta agus tuarascáil a thabhairt don Chomhairle ina leith sin).

Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Deireadh Fómhair 2013 agus an 19 agus an 20 Nollaig 2013 maidir leis an ngné shóisialta a bhaineann leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA).

Treoirlínte Athbhreithnithe Comhtháite Eoraip 2020, lena n-áirítear na Treoirlínte Ginearálta do Bheartais Eacnamaíocha a ghlac an Chomhairle an 8 Iúil 2015 (Moladh (AE) 2015/1184 ón gComhairle) agus na Treoirlínte do Bheartais Fostaíochta a ghlac an Chomhairle an 5 Deireadh Fómhair 2015 (Cinneadh (AE) 2015/1848 ón gComhairle; go háirithe aithris 11, ina luaitear gur cheart don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta faireachán a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear na beartais ábhartha chun feidhme i bhfianaise na dtreoirlínte fostaíochta, i gcomhréir lena sainorduithe faoi na Conarthaí).

An tuairim chomhpháirteach ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar Straitéis Eoraip 2020, lena n-áirítear an mheastóireacht ar an Seimeastar Eorpach (a d'fhormhuinigh an Chomhairle EPSCO an 16 Deireadh Fómhair 2014).